

# CINNÍ

## CINNEADH (AE) 2021/2206 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Nollaig 2021

**lena n-údaráítear do na Ballstáit, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach, glacadh le haontachas Iamáice le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(3) i gcomhar le hAirteagal 218(6), pointe (b), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa <sup>(1)</sup>,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá sé leagtha síos ag an Aontas gur ceann dá chuspóirí é an chosaint ar chearta an linbh a chur chun cinn, mar a luaitear in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Is cuid riachtanach den bheartas sin iad bearta chun leanaí a chosaint ar aistriú éagórach nó ar choinneáil éagórach.
- (2) Ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 <sup>(2)</sup> (“Rialachán Ila na Bruiséile”), arb é is aidhm dó leanaí a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha de dheasca aistrihe éagóracha nó coinneáil éagórach agus nósanna imeachta a bhunú chun a áirithiú go dtugtar leanaí ar ais go pras go dtí an Stát ina bhfuil gnáthchónaí orthu, agus chun cosaint na gceart rochtana agus na gceart coimeáda a áirithiú chomh maith.
- (3) Le Rialachán Ila na Bruiséile, comhlánaítear agus treisítear Coinbhinsiún na Háige an 25 Deireadh Fómhair 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí (“Coinbhinsiún na Háige 1980”) lena mbunaítear, ar an leibhéal idirnáisiúnta, córas um oibleagáidí agus chomhar idir Stáit Chonarhacha agus idir údaráis lárnaigh agus arb é is aidhm dó a áirithiú go ndéanfar leanaí a aistriódh nó a coinníodh go héagórach a thabhairt ar ais go pras.
- (4) Is páirtithe iad na Ballstáit uile i gCoinbhinsiún na Háige 1980.
- (5) Molann an tAontas do thríú Stáit aontú le Coinbhinsiún na Háige 1980 agus tacaíonn sé le cur chun feidhme ceart Choinbhinsiún na Háige 1980 trí pháirt a ghlacadh, in éineacht leis na Ballstáit, *inter alia*, sna coimisiúin speisialta arna n-eagrú ar bhonn rialta ag Comhdháil na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta.
- (6) D’fhéadfadh sé gur chreat coiteann dlíthiúil a bheidh infheidhme idir na Ballstáit agus tríú stáit é an réiteach is fearr ar chásanna íogaire a bhaineann le fuadach idirnáisiúnta leanaí.
- (7) Sonraítear i gCoinbhinsiún na Háige 1980 go mbeidh feidhm ag an gCoinbhinsiún idir an Stát aontach agus na Stáit Chonarhacha sin a mbeidh sé dearbhaithe acu go nglacann siad leis an aontachas.
- (8) Le Coinbhinsiún na Háige 1980 ní cheadaítear d’eagraíochtaí um lánpháirtíocht eacnamaíoch réigiúnach, amháil an tAontas, a bheith ina bpáirtithe ann. Dá bhrí sin, ní féidir leis an Aontas aontú leis an gCoinbhinsiún sin, ná ní fhéadfaidh sé dearbhú glactha a thaisceadh i ndáil le Stát aontach ach oiread.
- (9) De réir Thuairim 1/13 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh <sup>(3)</sup>, is faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais a thagann dearbhuithe glactha faoi Choinbhinsiún na Háige 1980.

<sup>(1)</sup> Tuairim an 25 Samhain 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

<sup>(2)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 ón gComhairle an 27 Samhain 2003 i dtaca le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus freagracht tuismitheora, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1347/2000 (IO L 338, 23.12.2003, lch. 1).

<sup>(3)</sup> ECLI EU:C: 2014:2303.

- (10) An 24 Feabhra 2017 thaisc Iamáice a hionstraim aontachais le Coinbhinsiún na Háige 1980. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm do Iamáice an 1 Bealtaine 2017.
- (11) Ba é ba chonclúid do mheasúnú ar an staid in Iamáice go bhfuil na Ballstáit in ann, ar mhaithe leis an Aontas, glacadh le haontachas Iamáice faoi théarmaí Choinbhinsiún na Háige 1980.
- (12) Ba cheart, dá bhrí sin, na Ballstáit a údarú a ndearbhuithe glactha i ndáil le haontachas Iamáice a thaisceadh, ar mhaithe leis an Aontas i gcomhréir leis na téarmaí a leagtar amach sa Chinneadh seo.
- (13) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán IIa na Bruiséile agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.
- (14) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

1. Údaraítear leis seo do na Ballstáit glacadh le haontachas Iamáice le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar mhaithe leis an Aontas.
2. Déanfaidh na Ballstáit, tráth nach déanaí ná 10 Nollaig 2022, dearbhú glactha a thaisceadh i ndáil le haontachas Iamáice le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar mhaithe leis an Aontas, agus an fhocláíocht seo a leanas ann:  
“Dearbhaíonn [ainm iomlán AN BHALLSTÁIT] go nglacann sí le haontachas Iamáice le Coinbhinsiún na Háige an 25 Deireadh Fómhair 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2021/2206 ón gComhairle”.
3. Déanfaidh na Ballstáit an Chomhairle agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi thaisceadh a ndearbhuithe glactha i ndáil le haontachas na Bolaive agus déanfaidh na Ballstáit téacs na ndearbhuithe sin a chur in iúl don Choimisiún laistigh de dhá mhí tar éis a dtaiscthe.

#### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

#### *Airteagal 3*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
A. HOJS